NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An spéis leat forbairt curaclaim?

Tá beirt á lorg ag an CNCM le dul ag obair in éineacht leis an eagraíocht mar chomhaltaí ar an Meitheal Forbartha don Ghaeilge. Ó Dheireadh Fómhair 2013 ar aghaidh beidh ról suntasach ag an Meitheal Forbartha i sonrúchán nua a fhorbairt don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach.

Comhthéacs

Cuireann an CNCM comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le curaclam agus measúnacht in oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Mar chuid den athbhreithniú níos leithne ar an tSraith Shóisearach, tá sé beartaithe sonrúchán nua don Ghaeilge a thabhairt isteach i scoileanna i Meán Fómhair 2015. Beidh ról suntasach ag an Meitheal Forbartha don Ghaeilge san obair sonraíochta seo. I measc chomhaltaí na Meithle beidh ainmnithigh ó chomhpháirtithe an chórais oideachais, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ghníomhaireachtaí tábhachtacha eile oideachais. Le teacht ar bhreis saineolais, tá an CNCM ar lorg léiriú spéise daoine aonair ar mhian leo cur le hobair shonraíochta na Gaeilge.

Saineolas agus taithí ar leith

D'fhéadfadh daoine aonair, ar suim leo an obair seo, gné(ithe) acu seo a leanas a chur ar fáil:

- taithí ar chleachtas nuálach sa seomra ranga Gaeilge, an TFC san áireamh
- rannpháirtíocht i dtaighde oideachasúil ar an nGaeilge
- taithí ar bheith ag obair le torthaí foghlama
- eolas ar an measúnú maidir leis an nGaeilge, agus béaltrialacha na Gaeilge san áireamh.

Is trí mheán na Gaeilge a fheidhmneoidh an Mheitheal Forbartha don Ghaeilge.

Más múinteoir nó taighdeoir thú, agus go háirithe más ag tús do ghairme mar mhúinteoir atá thú, nó más lasmuigh d'earnáil fhoirmeálta an oideachais atá tú ag obair, bheadh suim ar leith ag an gComhairle cloisteáil uait.

Tá sé i gceist ag an gComhairle an obair shonraíochta a chur i gcrích faoi Fómhar 2014. Ag tosú i nDeireadh Fómhair 2013, tacóidh An Mheitheal Forbartha don Ghaeilge leis an obair shonraíochta seo trí bhithin shraith cruinnithe, cruinnithe a mhairfidh an lá iomlán. Meastar go dtionólfar 6 nó 7 gcruinniú den chineál seo le linn don sonrúchán bheith á fhorbairt.

Iarratas a dhéanamh

Déan 'an fhoirm um léiriú spéise' a chomhlánú ar líne faoin 31.10.14 ar a dhéanaí. Ceapfar beirt de chomhaltaí gach meithle ar an gcaoi seo

Breis eolais

Féach ar ár láithreán Gréasáin le teacht ar bhreis eolais maidir le forbairtí ginearálta ag an tsraith shóisearach. Thar aon rud eile tugann An Creat don tSraith Shóisearach léargas cabhrach ar chomhthéacs obair na Meithle Forbartha.

Seans freisin go mba mhian leat féachaint ar Phlean Straitéiseach 2012-2015.